# NUACHT ÉICEASCOILEANNA

Deireadh Fómhair 2015

## San eagrán seo:


- Laethanta Domhanda Gníomhaíochta Éicea-Scoileanna - Live Here Love Here
- Éiceascoileanna ag súil leis an CON
- Feachtas na nGráinneog
- Nuacht Scoileanna: Bunscoil Holy Family - Duais Phríomhoide na bliana; Mórtheach na Mionainmhithe de chuid Bunscoil Fairview
- Nuacht na gComhpháirtithe:
- Nuacht Eile
- Comórtais
- Nuacht ar chúrsaí maoinithe: síneadh le spriocdháta Polli


## Laethe Domhanda Gníomhaíochta Éiceascoileanna - *Live Here Love*

Is tionscnamh ar Chlár Idirnáisiúnta Éicea-Scoileanna de chuid na Fondúireachta um Oideachas Timpeallachta (FOT) é *Laethanta Domhanda Gníomhaíochta*, a reáchtáiltear go bliantúil agus a bhfuil sé mar sprioc aige cumhacht a thabhairt do dhaltaí ar fud na cruinne ár gcuid riachtanais dhomhanda inbhuanaithe a athrú trí bheith páirteach i bhfoghlaim ghníomhach shultmhar.

I mbliana, tá Éicea-Scoileanna TÉ ag dul i bpáirt le Feachtas Live Here Love Here de chuid Keep Northern Ireland Beautiful, a spreagann gach duine le grá a thabhairt don áit is baile dúinn, trí bheith páirteach i Lá Gníomhaíochta timpeallachta ón 2-6 Samhain.

Cuirimid cuireadh ar scoileanna imeacht a chlárú agus ceann amháin díobh seo a leanas, nó iad uilig, a dhéanamh:

- **Glanadh** - cuir slacht ar thailte na scoile nó cúinne cáidheach áitiúil trí imeacht bailithe bruscair a eagrú
- **Glasú** - cuir dóigh ar phlota a d'éirigh fiáin trí lustan a bhaint agus síolta a chur
- **Gléasadh** - tagaigí le chéile le tabhairt faoi ghraifítí agus loitiméireacht trí rud beag péinte a úsáid le cúinne salach

Déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org le clárú agus le tuilleadh eolais agus uirlísí úsáideacha a fháil a chuideoidh leat ar do lá.

*Iarraimid ar gach duine a ndílseacht a dhearbhú inniu agus athrú dearfach amháin a dhéanamh le daoine ar fud Thuaisceart Éireann a spreagadh chun gean a léiriú don áit ina gcónaíonn siad trí chuidiú ina gcomhphobal féin."*






LIVE HERE LOVE HERE

*Táimid ag ag dul i bpáirt leis an Fheachtas Live Here Love Here inár Laetheanta Domhanda Gníomhaíochta Éiceascoileanna*

## Éiceascoileanna TÉ ag súil le CON



Roghnaigh an Fhondúireacht um Oideachas Timpeallachta (FOT) Tuaisceart Éireann le haghaidh Cruinniú clúiteach idirnáisiúnta d'Oibrithe Náisiúnta Éicea-Scoileanna idir an 12ú-14ú Samhain 2015 agus beidh ionadaithe ón Fhondúireacht um Oideachas Timpeallachta (FOT) agus 60 tír ó na ceithre hairde ag teacht go Tuaisceart Éireann le dea-chleachtas a roinnt agus le forbairt leanúnach Éiceascoileanna a phlé ar mhaithe lenár ndaoine óga agus an timpeallacht go domhanda. Mar aoi-náisiún, cuirfimid eispéireas saibhir, fáilteach, cultúrtha roimh na cuairteoirí agus léireoimid cuid den dea-obair atá idir lámha againn i scoileanna Thuaisceart Éireann.

Agus an Eilvéis ar an tír is deireanaí le teacht isteach i gclár Éiceascoileanna, tá 60 tír anois ar fud an domhain ag obair i dtreo na spriocanna céanna oideachas timpeallachta. Cuirfear fearadh na fáilte roimh chuairteoirí ó na tíortha seo chuig ócáid ag Stormont agus tabharfaidh siad cuairt ar scoileanna áitiúla ina bhfeicfidh siad a bhfuil ar siúl acu: Tabharfaidh Lagan College, Ulidia Integrated College, Belmont Primary School agus Fairview Primary School aíonna ar cuairt thart ar a scoil. Déanfaidh Lagan College tuairisc físe den CON agus beidh buaiteoir an chomórtais Iriseoir Óg Alpha Newspaper ag scríobh tuairisce ar an CON. Le slán a chur lenár n-aíonna uilig, beimid ag óstáil dinnéir ag Iarsmalann Uladh, áit a mbeidh siad in ann sult a bhaint as na taispeántais agus as tsiamsaíocht cheolmhar ó Grosvenor Grammar School agus Sullivan Upper School.

Táimid ag súil go mór le pictiúir agus nuacht a roinnt libh ón CON i nuachtlitir na míosa seo chugainn ach san idirlinn, is féidir an t-eolas is deireanaí a fháil agus teachtaireachtaí a fhágáil dár n-aíonna ar an chóras giolcaireachta **@Eco_SchoolsNI #bethechange #ecoschoolsNOM**

# Feachtas na nGráinneog

Mar chuid de Thionscnamh Seaimpíní Nua-Speicis NIEL, iarrann an tAire Comhshaoil, Mark H Durkan, ar na scoileanna uilig cuidiú leis na gráinneoga dúchais. Sna 1950í, measadh go raibh 36.5 milliún gráinneog sa Bhreatain.

Déanann gráinneoga geimhriú gach bliain, de ghnáth ón Nollaig go dtí thart ar an Cháisc, ach braitheann sé seo go mór ar an aimsir. De ghnáth, músclaíonn gráinneoga roinnt uaireanta i rith an gheimhridh agus tógann nead nua as duilleoga, cuachta thíos faoi thom nó faoi charnán adhmaid nó bothán gairdín, áit ar bith a thugann tacaíocht agus cosaint.



Bí cúramach le do thoil má tá tú ag pleanáil tine chnámh nó mórghlanadh sa ghairdín cionn is go bhfuil seans ann gur roghnaigh na gráinneoga carnán adhmaid nó talamh garbh mar theach dóibh féin.
Le tuilleadh eolais a fháil faoi fheachtas na ngráinneog, tabhair cuairt ar ár mblag ar ár suíomh idirlín agus caith súil ar an bhileog ó NIEA.
Más rud é go bhfaca tú gráinneoga ar bith ar thailte do scoile nó má tá leideanna luachmhara agat is mian leat a roinnt, gabh i dteagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org

## Nuacht Scoileanna:

### Holy Family Primary School - Duais Phríomhoide na Bliana.

Anuraidh, d'éirigh Mrs Dinah MacManus as a cuid dualgas mar phríomhoide ag Bunscoil Holy Family, Béal Feirste. Ba cheannaire spreagúil í Dinah agus thug sí tacaíocht do chlár Éicea-Scoileanna ar feadh na mblianta agus Bunscoil Holy Family anois i seilbh a dtríú Brat Glas. Tá an scoil ag obair ar thionscadal foraoise do scoileanna i bpáirt le Bunscoil Currie i bPáirc Alexandra, sampla iontach d'fhoghlaim trasphobail agus allamuigh á cur i ngníomh. Anuraidh, bhain Bunscoil Currie a gcéad ghradam Brat Glas amach. Is mór an tógáil croí an dá scoil seo a fheiceáil ag fáil poiblíochta as an obair s'acu le chéile. Déanaimid comhghairdeas ó chroí le Mrs MacManus as an ghradam 'Laochra Ranga na Breataine' a bhaint ar na mallaibh mar Phríomhoide na Bliana, duias a bronnadh uirthi i nGairdíní an Chlochair i Londain agus a craoladh ar an BBC— coimhéad na gradaim ar BBC-iPlayer. Tá súil againn go mbainfidh sí sult as a saol ar scor!



### Cuireann Bunscoil Fairview cuireadh ar mhion-ainmhithe seiceáil isteach ina lóistín 5*.



Ba í Bunscoil Fairview a bhí mar ambasadóir Éiceascoileanna do thopaic na Dramhaíola anuraidh. Gach bliain, bíonn lá Blitz Comhshaoil acu ina dtagann tuismitheoirí, daltaí, múinteoirí agus baill an phobail le chéile le tailte na scoile a ghlanadh agus le bheith ag obair orthu. I mbliana agus na prionsabail 'Ná bí caifeach is ní bheidh tú gann' in áit acu, thóg siad mórtheach mionainmhithe ó fhuíollábhair. Beidh na sluaite mionainmhithe ag seiceáil isteach!

## Nuacht na gComhpháirtithe: Rath ar Chnuas-Ghrúpa na Comhairle.

Bhí cruinniú ag Ceithre Chnuasghrúpa Éiceascoileanna i Mí Dheireadh Fómhair, trí cinn i gceantar an Iúir, Mhúrna agus an Dúin agus ceann eile i gceantar na hArda agus an Dúin Thuaidh. D'fhreastail os cionn 60 scoil ar fad agus bhí deisean-na ag scoileanna bualadh le chéile agus dea-chleachtas a roinnt, éisteacht le grúpaí timpeallachta ag caint ar thionscadail a dtiocfadh leo bheith páir-teach iontu, ceisteanna a chur ar bhaill foirne Éicea-scoileanna faoin chlár, agus ar ndóigh bualadh le hionadaithe na Comhairle lena fháil amach faoi na seirbhísí a chuireann siad ar fáil do scoileanna. Gabhaimis buíochas leis na Comhairlí seo a d'eagraigh na cruinnithe agus na hurlabhraithe suimiúla uilig. Beidh an t-eolas seo an-luachmhar acu le haghaidh obair Éicea-Scoileanna agus cuideoidh sé leo gradam clúiteach idirnáisiúnta an Bhrait Ghlais a



*Rinne Downpatrick Nursery School, Ambasadóir Éicea-scoileanna don Bhithéagsúlacht cur i láthair ar an obair atá idir lámha sa scoil , le linn cruinniú de chuid Chnuasghrúpa an Iúir, Mhúrna agus an Dúin .*

## Nuacht eile: Cás-staidéir nua ar thopaic na Dramhaíola:



D'oibrigh Keep Northern Ireland Beautiful le Down High School agus McClintock Primary School anuraidh in dhá chás-staidéar a dhéanann in-iúchadh ar dhóigheanna le dul i ngleic le topaic na Dramhaíola. Is suimiúil agus is spreagúil an t-ábhar léitheoireachta é agus is uirlis úsáideach é ag scoil ar bith a bhíonn ag smaoineamh ar thopaic na Dramhaíola a dhéanamh. Tá na cás-staidéir ar fáil i rannóg Áiseanna Cás-Staidéir ar shuíomh Éicea-Scoileanna.

### Os cionn 30 scoil le Maoiniú Dúshláin a fháil:

D'fhógair an tAire Comhshaoil, Mark H Durkan, go bhfaighidh 32 scoil £90,245 ón Chíste Dúshláin de chuid RO le haghaidh tionscadail timpeal-lachta. Is cúis áthais dúinn gur éirigh leis an oiread sin scoileanna agus táimid ag súil le torthaí na dtionscadal a fheiceáil. Chun tuilleadh eolais faoin scéal agus an liosta iomlán scoileanna a maoiníodh a fháil, gabh chuig an leathanach nuachta ar ghréasán Éicea-Scoileanna.

THE CHALLENGE FUND
Supporting People To Support Their Environment

## Nuachtlitir Fómhair an RC Bruscar Mara - Ión suimiúil léitheoireachta:

Díríonn an t-eagrán seo ar ghníomhaíochtaí atá idir lámha ag daoine aonair agus ag grúpaí chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb an bhruscair mhara. Istigh ann, tá an nuacht is deireanaí ar thionscnaimh a ndearnadh tagairtí dóibh sna heagráin roimhe seo, sleachta ar 'glanadh trá 2 bhomaite' agus ar na gníomhaíochtaí atá ar bun ag 'Surfálaithe in aghaidh Camrais' agus ag tumadóirí chun aghaidh a thabhairt ar bhruscar mara. Críochnaítear an nuachtlitir le halt ó Mike McAliskey, Rannán Mara na RC ar na himpleachtaí a bhaineann le micreaphlais-teach - dramhaíl mhara de chineál ar leith . Cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil.

## Nuacht Idirnáisiúnta Éiceascoileanna:

### Suíomh Idirlín nua Éiceascoileanna Idirnáisiúnta

Sheol Éicea-Scoileanna Idirnáisiúnta suíomh idirlín nua. Caith súil ar an nuacht idirnáisiúnta, feachtais, uirlisí agus áiseanna trí chuairt a thabhairt ar www.eicea-scoileanna.domhanda

### Cruinniú Mullaigh EkoSkola Mhálta :

Seolfar an chéad chruinniú eile de Cheannairí Rialtais an Chomhlathais (CHOGM) i Málta idir 27ú-29ú Samhain 2015.

Tá de rún ag Éiceascoileanna Mhálta 'EkoSkola' réamhimeacht a eagrú, Cruinniú Mullaigh EkoSkola na nÓg, ina mbeidh deis ag mic léinn ceisteanna, buarthaí agus moltaí ar thodhchaí níos fearr do thíortha an Chomhlathais a chur chun tosaigh. Is é **'Caighdeán maith saoil a chinntiú do ghlúine na linne seo agus an ama atá le teacht'** téama an chruin-

## Nuacht eile Keep Northern Ireland Beautiful:

An carthanas timpeallachta 'Keep Northern Ireland Beautiful' atá i mbun Éiceascoileanna i dTuaisceart Éireann. Seo a leanas an nuacht is déanaí ar thionscadail eile de chuid na heagraíochta. s'againn -

### Feachtas nua Póstaeir Le haghaidh a thabhairt ar shalú ag madaí




I rith an ama, bímid ar lorg dóigheanna nua le cur in aghaidh sciúirse an bhrus-cair agus salú ag madaí, agus táimid ag obair ar thionscadal le deireanas a úsáideann 'léargais iompair'. I dtriala-cha ar os cionn 120 suíomh i Sasana, léiríodh gur tháinig laghdú de 46% ar an mheán ar shalú ag madaí. Éiríonn leo cionn is go n-athraíonn daoine iompar má shíleann siad go mbítear ag coimhéad orthu.

Scéal níos fearr arís, lonraíonn cuid de na póstaeir san oíche!

### Gradaim Chúram an Chósta 2015.



*Mill Strand Integrated Primary School, Port Róis ag Gradam Todhchaí Níos Gile acu ag Gradam Chúraim ar an Chósta.*

Reáchtáil Keep Northern Ireland Beautiful Gradaim Chúram an Chósta don séú bliain ag Stormont ar an 8 Deireadh Fómhair. Arna dhearadh le haitheantas a thabhairt don obair iontach a dhéanann daoine aonara-cha agus grúpaí a bhíonn páirteach i gClár Chúram an Chósta, tugann na gradaim aitheantas do ról lárnach oibrithe deonacha chun an cósta agus uiscebhealaí intíre a chosaint.

Chomh maith le cuid mhór grúpaí deonacha eile den scoth, bhain Mill Strand Integrated Primary School 'Gradam Todhchaí Níos Gile' i mbliana don obair a rinne siad ag glanadh agus ag tabhairt aire do Thrá an Iarthair i bPort Rois a úsáideann siad go mion minic mar sheomra ranga allamuigh chun an timpeallacht máguaird a thaiscéaladh agus le bheith ag foghlaim faoi bheatha na mara ar an tairseach acu.

## Cookstown Textile Recyclers
### Comórtas Cash for Clobber 2015/2016



Is dóigh iontach ag do scoil é 'Cash for Clobber' le lucht Athchúrsála Teicstíle na Coirre Críochaí (CTR) le hairgead a bhailiú le haghaidh tionscadail timpeal-lachta do scoile. Tabharfaidh CTR airgead **50p/cileagraim** ar na héadaí a bhailíonn said, a shórtáiltear uilig go háitiúil agus a sheachadtar ansin chuig tíortha i ndíth nó déantar iad a athchúrsáil ina snáithíní le haghaidh tionsclaíochta.
Is é an t-aon chomhlacht athchúrsála éadaí iad atá deimhnithe ag BSI, a bhfuil eitic láidir tim-peallachta acu agus a mholann Éiceascoileanna Thuaisceart Éireann. Is iad a thug urraíocht don topaic dramhaíola s'againn le sé bliana anuas.

Is féidir leat suas le £3000 a bhaint do do scoil má dhéanann tú athchúrsáil ar chineálacha éagsúla éadaí agus bróg (péirí amháin le do thoil) teicstílí tí agus málaí láimhe (ní ghlactar le pluideanna nó le hadhairteanna).
**Tosaigh a bhailiú anois! – tá na rialacha chomh simplí:**
Baineann an scoil a bhailíonn an méid is mó in aghaidh an dalta duais tharraingteach airgid. Tá trí bhanda ann ina mbuaitear duaiseanna, ag brath ar mhéid na scoile.

| Banda 1 = suas le 100 dalta | Banda 2 = 101-250 dalta | Banda 3 = Os cionn 250 dalta |
|---|---|---|
| £1,000 | £2,000 | £3,000 |

Maireann an comórtas ón **1 Meán Fómhair 2015 go dtí 31 Bealtaine 2016.** Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín Éiceascoileanna le haghaidh tuilleadh eolais.
Le bailiúchán éadaí 'Cash for Clobber' a eagrú do do scoil, déan teagmháil le CTR ag schools@c-t-r.com nó cuir scairt ar 028 9447 8880.

## Iontaobhas na gCoillte - Comórtas

Tá Iontaobhas na gCoillte ag glacadh le hiarratais le haghaidh Dúshlán Seaimpíní na gCrann - cruthaigh carachtar nua coillearnaí chun a gCairt nua a chur chun cinn. Tá siad ag fáiltiú roimh iarratais ó EC2 agus ó EC3 agus beidh deis ag na buaiteoirí bheith ag obair leis an údar cáiliúil do pháistí, Jackie Morris, chun an carachtar s'acu a fhorbairt. Tá áiseanna teagaisc agus lea-bhair in aisce ar fáil fosta.
Chun tuilleadh eolais a fháil faoin chomórtas, gabh chuig suíomh idirlín Iontaobhas na gCoillte.
**Dáta deiridh 4 Nollaig 2015.**

# Deiseanna Maoinithe:

## Deontas Polli: Nation

Tá iarratais á nglacadh ANOIS ó bhunscoileanna agus ó iar-bhunscoileanna: dáta deiridh **5 Samhain** 2015

Ar mhaith leat a bheith páirteach i dtionscadal comhoibríoch scoileanna a chuireann ca-omhnú gnáthóg na mbeach chun cinn? Cuireann Learning Through Landscapes fáilte roimh iarratais ó bhunscoileanna agus ó iar-bhunscoileanna chun páirt a ghlacadh agus cur isteach ar mhaoiniú mar chuid de thionscadal Polli:Nation, atá á mhaoiniú ag an Chiste Crannchuir Oidhreachta. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal, tabhair cuairt ar http://www.ltl.org.uk/pollination

Chun tús a chur le d'iarratas, lean an nasc seo http://www.ltl.org.uk/pollination/getinvolved.php

## Maoiniú pobail Grow Wild:

Tá Fás Fiáin ag bronnadh maoiniú de £1,000, £2,500 nó £4,000 ar ghrúpaí pobail a thugann daoine le chéile chun dul i ngleic leis an dúlra nó spás comónta a athrú trí shíol a chur nó plandaí dúchasacha de chuid na RA a fhás.
Má bhíonn smaoineamh spreagúil ag do ghrúpa chun daoine a nascadh leis an dúlra, cuir isteach air seo roimh an **1 Nollaig 2015** chun seans a fháil le bheith páirteach sa líonra bríomhar tionscadail. Le tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh **chun iarratas a chur**, tabhair cuairt ar: Treoir faoi Thionscadal Pobail Fás Fiáin
**Aon cheist agat?** Smaoineamh iontach agat do thionscadal spreagúil pobail i do cheantar agus tú ag iarraidh fáil amach faoi na chéad chéimeanna eile? Nó b'fhéidir gur mhaith leat níos mó eolais a fháil ar thionscadal atá faoi lán seoil cheana féin? Gabh i dteagmháil linn chun do chuid smaointe a phlé nó chun foirm iarratais a fháil nuair a bheas tú réidh: northernireland@growwilduk.com

**Dóigheanna eile le bheith páirteach le Grow Wild:**

- Is féidir le grúpaí clárú chun **fearais síolta saor in aisce ó Fhás Fiáin** a roinnt. Cláraigh ar line ag growwilduk.com ó Dheireadh Fómhair 2015 go lár-Fheabhra 2016
- **Faigh inspreagadh** ó na tionscadail pobail s'againn do 2014 agus 2015. Cliceáil anseo chun cuairt a thabhairt ar an léarscáil idirghníomhach agus na leathanaigh phróifíle s'acu a léamh.

## Bratacha Glasa na míosa.

Tréaslaímid leis na scoileanna uilig ar ghradam an Bhrait Ghlais a ghnóthú an mhí seo caite. Is iontach linn i dtólamh mar a léiríonn daltaí agus foirne scoile a gcuid eolais agus díograise i Scoileanna an Bhrait Ghlais agus caithfimid comhghairdeas a dhéanamh leo as a ngradam iontach:

St Mary's Primary School, an Caisleán Nua;

Hollybush Primary and Nursery School, Doire;

St Patrick's Primary School, Achadh na Darach

St Patrick's Primary School, Domhnach Mór;

Ballymoney Model Controlled Integrated Primary School, Baile Monaidh;



*St Mary's Primary School, an Caisleán Nua*



*St Patrick's Primary School, Achadh an Darach*

Déan teagmháil linn ag:

Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann

Keep Northern Ireland Beautiful

Bridge House, 2 Ascaill Paulett

Béal Feirste, BT5 4HD

Teil: 028 9073 6920

**Ná stad ansin! Le teacht ar thuilleadh nuachta, smaointe tionscadal, treoir ar chláir, cásanna staidéir, eolas ar chomhpháirtithe seachadta, agus a lán eile, gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann.**